**Ceacht 3**

## CORPOIDEACHAS

**Snáithe:** Damhsa

**Snáithaonad:** An damhsa a iniúchadh, a chruthú agus a dhéanamh

**Cuspóirí Curaclaim:**

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- luailí baill difriúla den chorp agus na bealaí inar féidir leis an gcorp gluaiseacht i spás a iniúchadh, ag baint feidhme as gníomhartha simplí coirp mar thaisteal (siúl, rith, scipeáil)
- cluichí cantana simplí agus damhsaí tíre a chomhall

## GAEILGE

**Snáithe**: Teanga ó Bhéal

**Gné:** Tuiscint

***Torthaí Foghlama:**

**Cé go bhfuil Torthaí Foghlama ar leith sonraithe anseo mar eiseamlair, tá saoirse ag an múinteoir breithiúnas ghairmiúl a dhéanamh chun Torthaí Foghlama cuí a roghnú a oireann don cheacht, do chúinsí na scoile agus a oireann do eispéiris agus cumais na bpáistí.*

Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann :

TF6 ***Léiriú tuisceana***: Tuiscint ar chumarsáid cainteora Gaeilge a léiriú trí ghníomh nó fhreagra cuí a thabhairt as Béarla, nó trí fhocail nó frásaí coitianta Gaeilge a úsáid agus thrí threoracha gearra a leanúint

*TF10* ***Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach***
Aird a léiriú, éisteacht le hathrá ar dhánta, rannta agus amhráin ghearra Ghaeilge, agus páirt a ghlacadh iontu.

**Áit:**

- Spás mór laistigh

**Trealamh:**

- Ceol – Dhá Éan Bheaga
- Ceol: Tar Chugam

**Tagairtí:**

- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas
- Corpoideachas: Curaclam 1999 (lch.18)
- Corpoideachas:Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (lch 62)
- Am Damhsa – Pacáiste Damhsa Gaelach agus Damhsa Tíre do mhúinteoirí bunscoile (2009) (*As cló)*
- Ceol Leat – Róise Ní Bhaoill (Altram 2016)
- Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/)

**

***Moltar an ceacht FCÁT seo a dhéanamh thar thréimhse ama a oireann do chuinsí na ranga/scoile agus do chumas na bpáistí***

**Teanga don fhoghlaim**
****** Eiseamláirí agus sainfhoclóir a bhaineann leis an gceacht**

*Tá réimse foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna FCÁT. Feicfidh tú thíos an teanga is féidir leat a úsáid. Ní gá duit díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. Moltar tagairt teagmhasach a dhéanamh don teanga a bhaineann le gluaiseacht le linn gnáthaimh an lae agus mar chuid de am súgartha struchtúrtha agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí damhsa.*

**Foclóir:** halla, damhsa, ceol, siúl, siúlaigí, a haon, a dó, a trí, scipeáil, buail bos, buail do bhosa, Táimíd ag dul go dtí an halla, Seasaigí i gciorcal, Beir greim láimhe ar an duine in aice leat, Tar chugam, Tar anseo, Imigh uaim, Imigh leat, an maith libh bheith ag damhsa? Is maith/Ní maith

*Tá sé tábhachtach an foclóir seo a mhúineadh i gcomhthéacs abairte chomh fada agus is féidir mar atá léirithe in Teanga an Mhúinteora agus Teanga an Pháiste.

**Teanga an Mhuinteora**

Táimid ag dul go dtí an halla.
Seasaigí i gciorcal / fáinne mór.
Beir greim láimhe ar an duine in aice leat / Beirígí greim láimhe ar a chéile.
Beimid ag damhsa.
Bí/bígí ag damhsa.

Tar chugam, Imigh uaim ( Tar anseo/ Imigh leat)
'Tra la la la, Tra la la la,
Tra la la la la la la'

Buailígí bosa.
Déan/déanaigí arís é
Leanaigí oraibh.

**Teanga an Pháiste**

Is maith liom damhsa.
Tá/Bhí mise agus X le chéile./ Is í/é X mo pháirtí.
Bhí mé ag damhsa le X.

Tar chugam, Imigh uaim
'Tra la la la, Tra la la la,
Tra la la la la la la'

Bhuail mé mo bhosa.

# Tréimhse réamhghníomhaíochta/réamhchumarsáide

**Cothú spéise agus Téamh Suas:**

Úsaid pictiúir agus gníomhaíochtaí chun an teanga *Tar chugam (Tar ar ais)* agus *Imigh uaim (Imigh leat)* a léiriú.
Seinn an t-amhrán *Dhá Éan Bheaga* ó **Ceol Leat** le Róise Ní Bhaoill ar shuíomh Altram agus spreag na páistí le dul i mbun gníomhaíochta agus an t-amhrán á chasadh acu, léirigh ***Tar*** agus ***Imigh uaim*** – spreag na páistí le haithris a dhéanamh ort.
https://www.altram.org/sites/default/files/dh%C3%A1%20%C3%A9an%20bheaga.mp4

**Ionchur teanga:**
***Conas an sainfhoclóir/téarmaíocht a mhúineadh.***

- Úsáidfidh tú teanga sa cheacht corpoideachais agus tú ag treorú, ag míniú, ag comhairliú, ag tabhairt leide agus ag gríosú na bpáistí le linn damhsa. Is minic a bheidh na páistí ag leanúint na treoracha a thugann tú agus ag déanamh aithrise ort. Léireoidh siad tuiscint ar an teanga agus iad i mbun gníomhaíochta agus aithrise.
- Tapaigh an deis réamhullmhúchán a dhéanamh ar an teanga sa cheacht Gaeilge, le linn bainistíocht ranga chomh maith le gnáthchaint an lae. M.sh *tar isteach, tar anseo, imigh amach…,*
- Bain leas as aithris agus athrá le cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir nua agus ar an amhrán. Léirigh '*Tar chugam/ Imigh uaim'* ag spreagadh na bpáistí chun aithris a dhéanamh ort.
- Léirigh an teanga nua ar luaschártaí & phóstaeir sa seomra ranga**. Cé nach mbeidh na páistí ábalta an téacs a léamh ar an bpóstaer is féidir leat na pictiúir a léiríonn na gníomhaíochtaí ar leith a thaispeaint chun cabhrú leis an tuiscint.**

**Teanga an mhúinteora:**

Bhí dhá éan bheaga ina suí ar an gclaí.
Ceann darbh ainm Aoife,
Ceann darbh ainm Aoidh
Imigh leat a Aoife
Imigh leat a Aoidh
Tar ar ais a Aoife
Tar ar ais a Aoidh

Táimid / Beimid ag dul go dtí an halla..
Beimid ag damhsa. Bí/bígí ag damhsa.
An dtuigeann sibh?

**Teanga na bpáistí:**

Tar chugam
'Tra la la la, Tra la la la, Tra la la la la la la'

Imigh uaim,
'Tra la la la, Tra la la la, Tra la la la la la la'

Bhuail mé mo bhosa

*Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.*

Tar chugam.



Imigh uaim




Buail do bhosa



**Ceol:** Rithim 6/8

https://player.vimeo.com/video/52561505

**Eagar:**
Seasann na páistí i bhfáinne dúbailte, buachaillí ar an taobh amuigh, ar aghaidh a bpáirtithe amach. Cailíní sa chiorcal istigh a ndroim le lár an fháinne.



**Damhsa**

*Mír 1*
Seasann an bheirt ar aghaidh a chéile amach 2 nó 3 mhéadar óna chéile. Nuair a thosaíonn an ceol, cromann an buachaill agus umhlaíonn an cailín. Seinntear an ceol agus canann gach duine *'Tar chugam, tar chugam, tar chugam'* ag treorú dá bpáirtí teacht chucu agus scipeálann siad isteach i dtreo a bpáirtí. Ansin scipeálann siad siar agus iad ag canadh '*Imigh uaim, imigh uaim, imigh uaim'*, ag síneadh amach a méar chun scaoileadh lena bpáirtithe. (Críochnaíonn na beirteanna san áit inar thosaigh siad.)

*Mír 2*
Nascann siad na lámha deasa ag an uillinn,scipeálann siad ar dheis agus iad ag canadh 'Tra la la la, Tra la la la, Tra la la la la la la', casann siad agus críochnaíonn siad ina n-áit féin arís.

*Mír 3*
Seasann na páistí ar aghaidh a chéile amach arís;buaileann siad a mbosa féin, ansin lámh dheas a bpáirtí; buaileann siad a mbosa féin arís, ansin lámh chlé a bpáirtí. Déan seo faoi dhó.

*Mír 4*
Nascann siad a lámha clé ag an uillinn, scipeálann siad ar chlé agus iad ag canadh 'Tra la la la, Tra la la la, Tra la la la la la la'; casann siad agus críochnaíonn siad ina n-ionaid féin.

Is féidir an damhsa a athdhéanamh fad a mhaireann an ceol, tuairim ceithre nó cúig huaire.

**Gaeilge an mhúinteora:**
Seasaigí i bhfáinne. Seas le do pháirtí.
Beir gréim láimhe air/uirthi /Beir greim láimhe ar an duine in aice leat.
Siúl/siúlaigí go lár an fháinne.
Buail do bhosa / Buail bhur mbosa
Scipeáligí isteach/amach
Beirt le chéile.
Tar chugam.
Imigh uaim.
Déan/déanaigí arís é
Leanaigí oraibh.
Seas / Seasaigí
Buail do bhosa/ Bualaigi bhur mbosa
Buail bosa do pháirtí.
Scipeáil ar dheis.
Scipeáil ar chlé.

**Gaeilge na bpáistí:**
Tar chugam
Imigh uaim
Bhí/Tá mé ag damhsa.
Bhí /Tá mé ag scipeáil.

# Tréimhse i ndiaidh na gníomhaíochta / cumarsáide

Can an t-amhrán ***Dhá Éan Bheaga*** arís nuair a fhilleann an rang ar an seomra ranga

Chun leathnú a dhéanamh ar an teanga d'fhéadfaí focail an amhráin a athrú beagan chun ainmneacha na bpáistí sa rang a rá in áit Aoife agus Aoidh.

Tabharfaidh seo deis an Tuiseal Gairmeach a chleachtadh i slí neamhfhormiúil – beidh an teanga seo in úsáid agat sa rang agus tú i mbun bainistiochta ranga - deis do pháistí an teanga a usáid i gcomhthéacs eile atá anseo.

**Gaeilge an mhúinteora:**
Siúlaigí
Suígí síos
Canfaimíd an t-amhrán arís
An maith libh bheith ag damhsa?

**Gaeilge na bpáistí:**
Bhí mé ag damhsa
Bhuail mé mo bhosa
Is maith/Ní maith

## Measúnú (Conas a dhéanfar measúnú ar fhoghlaim na bpáistí – forbairt teanga agus foghlaim an ábhair?)

**Breathnóireacht an mhúinteora**: Bí i mbun breathnóireachta ar na páistí agus iad ag damhsa. Dírigh ar an ábhar agus ar léiriú tuisceana ar an nGaeilge.

**Féinmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.

**Dialann an mhúinteora:** Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

**Féinmheasúnú an mhúinteora:** An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh an bhéim ar an damhsa? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndéarna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna cumarsáide ag na páistí? Ar chuir mé tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil chun cuidiú le tuiscint agus foghlaim na bpáistí? Ar dhírigh mé ar na Torthaí Foghlama Teanga chomh maith leis na Cuspóirí Ábhair? An raibh an damhsa in oiriúint do leibhéal aoise na bpáistí? Na treoracha a thug mé, an raibh siad soiléir?An raibh deis ag na páistí an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach? An raibh deis ann scileanna teanga Gaeilge a fhorbairt? Cad iad na dúshláin a bhí ag na páistí le linn an cheachta?

**https://ncca.ie/media/1351/assessment-guidelines.pdf**